

Fainic na Plandaí Seo!

Méaracán an Phúca



Cé go bhfuil an planda nimhneach seo an-chontúirteach má itear é, déantar leigheas don chroí as freisin.

An Feabhrán Capaill



Déanann sú an phlanda mór ard seo an-damáiste don chraiceann agus do na súile má théann sé orthu.

An Dáthabha Bán



Maraíonn an planda nimhneach seo beithígh agus capaill, agus tá sé an-chontúirteach don duine freisin.

An Chluas Chaoin



Is minic a fheictear an planda nimhneach seo i gcoillte san earrach.

An Neantóg



Cé nach bhfuil neantóga contúirteach, is féidir leo drochdhó pianmhar a thabhairt.



Cé gur iomaí úsáid a bhaineann daoine as plandaí éagsúla—mar bhia, mar leigheas, mar ábhar ceardaíochta—tá plandaí ag fás in Éirinn atá in ann dochar a dhéanamh dúinn.



Ní hiondúil go mbíonn dochar i ndó neantóige, ach tá plandaí eile, an feabhrán capaill mar shampla, in ann damáiste uafásach a dhéanamh don chraiceann má bheirtear orthu. Tá nimh i bplandaí eile agus fainic an íosfá iad!



Ba cheart a bheith ar an airdeall faoi phlandaí le bláthraí móra bána go háirithe. Cé go bhfuil cuid acu seo inite, tá cinn eile acu ar na plandaí is nimhní in Éirinn, agus bíonn sé an-deacair idirdhealú a dhéanamh eatarthu.



An tIúr



Tá duilleoga agus torthaí dearga an chrainn seo nimhneach.

Lus an Chromchinn



Ardaíonn ár gcroíthe nuair a osclaíonn na bláthanna san earrach, ach tá gach cuid den phlanda nimhneach má itear iad.

An Fuath Gorm



Tá an fuath gorm sa chlann plandaí céanna le trátaí agus fataí, ach tá gach cuid den phlanda seo nimhneach.

Cam an Ime



Tá nimh sna plandaí coitianta buí seo, agus cuireann sú an phlanda as don chraiceann.